Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**14498/1/25 REV 1**

**EF 354**
**ECOFIN 1420**
**SIMPL 154**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 871 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN maidir le Simpliú, Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 871 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 871 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 21.10.2025
COM(2025) 871 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**maidir le Simpliú, Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú**

An Coimisiún Eorpach

# Tuarascáil Achoimre Bhliantúil 2025 ar Shimpliú, ar Chur Chun Feidhme agus ar Fhorfheidhmiú

DEIREADH FÓMHAIR

2025

# 1. Réamhrá

***Réamhrá ón Uachtarán***

*Tá an simpliú ríthábhachtach dár n-iomaíochas. Ó eisíodh tuarascáil na bliana seo caite ó Mario Draghi maidir le hiomaíochas agus tuarascáil Enrico Letta maidir leis an Margadh Aonair, tá dlús curtha leis an gclár oibre simpliúcháin don Eoraip. Ní mór dúinn deireadh a chur le bacainní a chuireann moill ar ár ngnólachtaí, agus é a dhéanamh níos éasca infheistíocht a dhéanamh agus poist a chruthú san Eoraip. Tá áit lárnach ag an sprioc sin i dTreoirlínte Polaitiúla mo Choimisiúin. Ó thús na tréimhse oifige nua seo, níl aon chloch fágtha againn chun ár nAontas a dhéanamh níos tapúla agus níos simplí, níos dírithe agus níos tacúla do chuideachtaí Eorpacha. Ach ní leor an simpliú leis féin. Ní mór do na Ballstáit ár rialacha a chur chun feidhme mar is ceart freisin, agus nuair nach ndéanfaidh siad sin, ní mór dúinn beart a dhéanamh. Tá an simpliú, an cur chun feidhme agus an forfheidhmiú fite fuaite ina chéile.*

*Tá* ***an simpliú*** *i gcroílár ár gcuid oibre le tamall, agus tá sé cinn de omnibus simpliúcháin curtha chun cinn againn go dtí seo. Nuair a bheidh siad i bhfeidhm, déanfaidh siad difear mór do ghnólachtaí Eorpacha: beidh níos lú páipéarachais ann dá mbarr agus laghdófar castacht na rialacha, agus ár gcaighdeáin shóisialta agus chomhshaoil á gcoinneáil ar bun leo ag an am céanna. Tá bearta simpliúcháin molta againn a mbeadh laghdú os cionn EUR 8.6 billiún ar chostais do chuideachtaí agus do shaoránaigh ina thoradh orthu. Anois, ní mór dúinn an meon práinne a choinneáil ar bun. Tá níos mó omnibus le teacht i mbliana cheana agus tá sé ríthábhachtach go ngníomhóidh na comhreachtóirí go tapa ionas gur féidir lenár dtograí simpliúcháin beart a dhéanamh láithreach bonn dár ngnólachtaí.*

*Is é an cur chun feidhme an chéad chéim eile. Ní bhaineann sé le simpliú ár rialacha amháin, ach lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad go tráthúil chomh maith. Is iad na Ballstáit príomh-chomhpháirtithe an Choimisiúin i leith a áirithiú gurb amhlaidh an cás. Ach tá sé ríthábhachtach freisin teagmháil a dhéanamh le gnólachtaí, le comhpháirtithe sóisialta agus le páirtithe leasmhara i gcoitinne, chun tuiscint níos fearr a fháil ar chásanna ina bhfuil an cur chun feidhme mícheart nó neamhiomlán. Le roinnt míonna anuas, chuaigh Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin agus Coimisinéirí i dteagmháil le breis agus 550 páirtí leasmhar ó na Ballstáit uile trí 28 nIdirphlé Cur Chun Feidhme. Thug in léargas riachtanach dúinn ar conas cur chun feidhme ár rialacha agus ár mbeartas a shimpliú a thuilleadh agus tacú leo a thuilleadh.*

*Tá **forfheidhmiú** dhlí an Aontais ríthábhachtach freisin. Is léir ón taithí a fuarthas gurb é an bealach is tapúla chun ár rialacha a fhorfheidhmiú, comhar leis na Ballstáit. Sna chéad 7 mí de 2025, sheol an Coimisiún 168 n-idirphlé réamhshárúcháin. In dhá thrian de na hidirphléití, réitíomar tsaincheist atá i gceist. Sa tréimhse chéanna, sheolamar 373 chás sárúcháin — agus dhúnamar beagnach an oiread céanna díobh. Réitíodh 95 % de na cásanna sula raibh orainn iad a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais. Dá bharr sin tá níos lú éiginnteachta i gceist do mhuintir na hEorpa, agus níos lú ama sula mbainfidh siad tairbhe as beartais Eorpacha. Tá sé d'aidhm againn i gcónaí a áirithiú go ndéanfar na rialacha a chomhaontaímid le chéile a chur chun feidhme ina n-iomláine, a luaithe is féidir — ionas gur féidir difear mór a dhéanamh leo do mhuintir na hEorpa.*



*Léirítear sa tuarascáil seo an dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus leagtar síos inti an bealach chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh. Simpliú, cur chun feidhme, forfheidhmiú: is é sin cur chuige mo Choimisiúin — le haghaidh Aontas a dhéanann beart de réir a bhriathair agus mór-roinn a théann san iomaíocht ar an leibhéal domhanda.*

***Ursula von der Leyen***
Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh

***Réamhrá ón gCoimisinéir Valdis Dombrovskis***

*I dtús na bliana, leagamar amach fís chun an t-ualach rialála a laghdú go mór do dhaoine, do ghnólachtaí agus do riaracháin san Eoraip, agus chun feabhas a chur ar chur chun feidhme ár mbeartas. Gheallamar simpliú nach raibh a leithéid ann riamh roimhe ar rialacha an Aontais a bheartú, chun borradh a chur faoin rathúnas agus faoin athléimneacht, agus sheolamar iarracht nua chun rialacha a dhéanamh níos soiléire agus níos tapúla lena gcur chun feidhme, ionas gur fearr is féidir leo a gcuspóirí a bhaint amach sa chleachtas.*

*Bhí an diagnóis a rinneamar soiléir agus comhroinnte go forleathan. Is mór an tionchar diúltach ar iomaíochas agus rathúnas na hEorpa atá ag carnadh na rialacha le himeacht ama ar leibhéil éagsúla, agus ag a gcastacht mhéadaithe. Chun dul i ngleic leis sin tá gá le gníomhaíocht cheannasach chomhbheartaithe, seachas cur chuige incriminteach. Chun iomaíochas an Aontais a neartú, ní mór timpeallacht dhlíthiúil a bheith ann lena spreagfar cruthú gnó agus fás ar an mbealach is simplí, is tapúla agus is éifeachtaí is féidir, agus daoine á gcosaint agus á gcumhachtú ag an am céanna.*

*Laistigh de chúpla mí, tá sé phacáiste omnibus curtha ar aghaidh ag an gCoimisiún i réimsí amhail tuairisciú inbhuanaitheachta, dícheall cuí, ceimiceáin, ullmhacht cosanta, cuideachtaí meánchaipitlithe beaga agus talmhaíocht. In éineacht le tionscnaimh simpliúcháin eile, d'fhéadfaidís breis agus EUR 8.6 billiún i gcoigilteas a chur ar fáil, i dtéarmaí costas riaracháin athfhillteach. Is iad na tograí sin an chéad chéim mhór i dtreo na sprice laghdúcháin 25 % agus 35 % i gcás FBManna a bhaint amach, rud a fhágfaidh go mbeidh coigilteas EUR 37.5 billiún ann do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus do riaracháin phoiblí faoi dheireadh na tréimhse oifige seo.*

*De thoradh ar ár dtiomantas 'tástáil struis' a dhéanamh de réir a chéile, tá an chéad sraith de thograí reachtacha ann cheana féin lena simpleofar rialacha an Aontais. Agus leanfar de na hiarrachtaí sin, mar a léirítear i gClár Oibre 2026 an Choimisiúin. Leanfaimid de dhul i ngleic le gach foinse ualaigh rialála — costais riaracháin, chomh maith le costais chomhlíontachta i gcoitinne. Tá gá leis an laghdú costas sin chun go mbainfidh an Eoraip a spriocanna uaillmhianacha eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil amach, ní hamháin ar pháipéar, ach sa chleachtas chomh maith.*

*Sheas Coláiste na gCoimisinéirí leis an gcuspóir sin. Reáchtáil gach Coimisinéir idirphlé amháin ar a laghad maidir le cur chun feidhme, agus tá pacáistí uaillmhianacha simpliúcháin curtha chun cinn ag cuid mhór acu cheana féin. Agus sinn ag obair i gcomhar le chéile, tá cultúr institiúideach nua á mhúnlú againn — cultúr atá níos oscailte agus níos freagrúla, a dhíríonn ar éifeachtúlacht agus ar thorthaí, agus a thugann tús áite d'fheabhas a chur ar na rialacha atá ann cheana seachas rialacha nua a chruthú.*

*Táimid tiomanta freisin do na leibhéil is airde trédhearcachta, cuntasachta agus idirphlé agus comhair idirinstitiúidigh. Tá an tuarascáil forléargais bhliantúil seo, agus na tuarascálacha aonair ar dhul chun cinn ó gach Coimisinéir, lárnach i leith na spriocanna sin. Comhlánaítear iad leis an bhfaisnéis fhairsing atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Europa maidir le simpliú, cur chun feidhme agus forfheidhmiú.*

*Chun ár gcuspóirí maidir le simpliú a bhaint amach, tá gá le tiomantas comhroinnte idir na hinstitiúidí Eorpacha uile, agus go háirithe idir an Pharlaimint agus an Chomhairle mar chomhreachtóirí. Tá freagracht chomhroinnte orainn tograí simpliúcháin a láimhseáil go tapa agus ar bhealach spriocdhírithe, agus ardleibhéal uaillmhéine á choinneáil ar bun ag an am céanna.*



***Valdis Dombrovskis***
An Coimisinéir um an nGeilleagar agus Táirgiúlacht; um Chur Chun Feidhme agus Simpliú

*Go dtí seo, agus sinn ag bogadh ar aghaidh chun ár rialacha a shimpliú agus chun feabhas a chur ar a gcur chun feidhme, níl drogall orainn iad a fhorfheidhmiú. Leanfaidh an Coimisiún de ghníomhaíocht dhiongbháilte forfheidhmiúcháin a dhéanamh ar mhaithe le saoránaigh agus gnólachtaí ar fud an Mhargaidh Aonair.*

## 2. Achoimre feidhmiúcháin

Is **príomhthosaíocht thrasearnálach** i dtréimhse oifige 2024-2029 é Eoraip níos simplí agus níos tapúla a chruthú, rud a léiríonn athrú cultúrtha agus institiúideach sa Choimisiún Eorpach. Is é an tosaíocht dlíthe agus beartais an Aontais a shimpliú go córasach ar fud na hEorpa ionas go mbainfidh siad an éifeacht is mó is féidir amach, agus feabhas á chur ar a gcur chun feidhme agus ar a bhforfheidhmiú an tráth céanna.

Mar a leagtar amach i dTreoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin agus sa Teachtaireacht 'Eoraip níos simplí agus níos tapúla', is príomhthosaíochtaí polaitiúla anois iad luas, comhleanúnachas agus simplíocht. Tá sin ríthábhachtach chun iomaíochas an Aontais a neartú mar a leagtar amach sa Chompás Iomaíochais a bheidh ina threoir dár ngníomhaíocht le linn na tréimhse oifige seo. Cuireadh de chúram ar gach Coimisinéir an t-ualach riaracháin a laghdú agus an cur chun feidhme a shimpliú. Bhí 11 as 18 dtionscnamh reachtacha i gclár oibre 2025 an Choimisiúin dírithe, go hiomlán nó i bpáirt, ar dhlíthe agus beartais a shimpliú.

Is í seo an **chéad tuarascáil bhliantúil forléargais** ina ndéantar achoimre ar phríomhthorthaí obair an Choimisiúin ar fud na dtrí phríomhghné den iarracht nua chun Eoraip níos simplí agus níos tapúla a bhaint amach. Mar chomhlánú air sin, d'ullmhaigh gach Comhalta den Choláiste Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn maidir le simpliú, cur chun feidhme agus forfheidhmiú faoina bpunanna. Cumhdaíonn siad uile an tréimhse go dtí an 31 Iúil 2025[1].

Laistigh de shé mhí, ghlac an Coimisiún sé phacáiste tionscnamh ('omnibus') agus tograí eile arb é is aidhm dóibh an **t-ualach a laghdú agus reachtaíocht a shimpliú**, rud a laghdaigh costais de bhreis agus EUR 8.6 billiún. Ina theannta sin, rinne sé dul chun cinn maidir le tástáil struis a dhéanamh ar *acquis* an Aontais i roinnt réimsí, lena n-áirítear dlí an fhuinnimh, an dlí airgeadais, an dlí digiteach agus dlí na gcuideachtaí agus dlí na dtomhaltóirí, ag tógáil ar ionchur na bpáirtithe leasmhara a fuarthas le linn seiceálacha réaltachta agus idirphlé cur chun feidhme.

Chuathas i gcomhairle le breis agus 550 páirtí leasmhar trí 28 n-idirphlé cur chun feidhme a d'eagraigh Comhaltaí an Choláiste, i gcomhar leis an gCoimisinéir um Chur Chun Feidhme agus Simpliú. Tá an t-idirphlé sin mar chuid de na huirlisí comhairliúcháin nua a forbraíodh chun dlús a chur le **cur chun feidhme** dhlíthe, bheartais agus chistiú an Aontais ar fud na mBallstát. Thacaigh an Coimisiún leis na Ballstáit trí roinnt ionstraimí chun trasuí agus cur chun feidhme iomlán ár rialacha a comhaontaíodh go comhpháirteach a bhaint amach agus chun **dlí an Aontais a fhorfheidhmiú** le cinneadh.

Sa chuid dheireanach den tuarascáil, cuirtear i láthair na chéad chéimeanna eile san obair seo chun **fíorathrú ar an gcultúr rialála** a chur chun cinn ar fud an Aontais Eorpaigh. Cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá an chomhpháirtíocht agus an obair leanúnach i gcomhar leis an bParlaimint agus leis an gComhairle, agus an fhreagracht á roinnt leis na Ballstáit chun Eoraip níos tapúla agus níos simplí a bhaint amach.

Chun go n-éireoidh leis an gclár oibre uaillmhianach sin, braitheann an Coimisiún ar **Pharlaimint na hEorpa** agus ar **an gComhairle** chun an obair ar na pacáistí 'omnibus' agus ar thograí simpliúcháin eile a choinneáil ar bun agus a luathú, a leibhéal uaillmhéine a choinneáil ar bun agus a áirithiú go mbraitear na tairbhí go tapa ar an láthair. Ina theannta sin, tá ról ríthábhachtach ag na **Ballstáit** freisin. Tá a rannpháirtíocht réamhghníomhach ríthábhachtach freisin chun an t-ualach rialála foriomlán ar dhaoine agus ar ghnólachtaí a laghdú, agus chun a áirithiú go gcuirfear dlíthe agus beartais an Aontais chun feidhme go tapa agus go héifeachtúil. Iarrann an Coimisiún freisin ar na Ballstáit páirt a ghlacadh in iarrachtaí simpliúcháin trí shimpliú a dhéanamh agus rómhaorlathas a eascraíonn as rialacha náisiúnta a laghdú.

Leanfaidh an Coimisiún den iarracht dlíthe agus beartais an Aontais a shimpliú sna blianta amach romhainn. Léirítear sin i gClár Oibre 2026 an Choimisiúin i gcomhthráth leis an tuarascáil seo: tá gné láidir simpliúcháin ag baint le níos mó ná leathchuid de na tionscnaimh. Leanfaimid freisin dár n-uirlisí agus dár n-acmhainní uile a úsáid chun dlús a chur leis an gcur chun feidhme agus ní bheidh aon drogall orainn sásraí forfheidhmiúcháin a úsáid chun a chinntiú go mbainfear amach na torthaí is fearr is féidir leis na rialacha a comhaontaíodh.

## 3. Torthaí a bhaint amach: príomhbhearta

*"Chun poist a chosaint, ní mór dúinn gnó san Eoraip a dhéanamh níos éasca. Agus déanfaidh an omnibus atá curtha ar an mbord againn go dtí seo fíordhifríocht. Níos lú páipéarachais, níos lú forluí, rialacha nach bhfuil chomh casta céanna. Laghdóidh ár dtograí EUR 8 mbilliún in aghaidh na bliana de chostais mhaorlathacha do chuideachtaí Eorpacha.'*

*Aitheasc ar Staid an Aontais ón Uachtarán von der Leyen*
*10 Meán Fómhair 2025, Strasbourg*

[1] Cumhdaítear an tréimhse 7 mí sa chéad tuarascáil forléargais seo. Cumhdófar sa chéad tuarascáil eile an tréimhse 12 mhí, ón 1 Lúnasa 2025 go dtí an 31 Iúil 2026.

## A. Simpliú agus tástálacha struis

Is codanna ríthábhachtacha dár gclár oibre iad **simpliú agus laghdú ualaigh** chun borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais. In iarracht nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo chun dul chun cinn marthanach intomhaiste a dhéanamh, tá an Coimisiún dírithe ar dheireadh a chur le bacainní sa mhargadh aonair agus le baic rialála ar fhás eacnamaíoch inbhuanaithe. Bhí spriocanna uaillmhianacha leagtha síos aige chun an t-ualach riaracháin ar gach cuideachta a laghdú 25 % ar a laghad agus laghdú 35 % a dhéanamh ar an ualach riaracháin d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) faoi dheireadh thréimhse oifige an Choimisiúin seo. I mí an Mhárta 2025, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún agus ar na comhreachtóirí oibriú chun na spriocanna sin a bhaint amach.

Le clár oibre 2025 an Choimisiúin, ina bhfuil **11 as 18 dtogra** dírithe go láidir ar shimpliú, cuirtear tús leis an gclár oibre sin. Ó mhí Feabhra 2025 i leith, bunaithe ar ionchur ó pháirtithe leasmhara agus ar anailís inmheánach, tá sé phacáiste tionscnamh curtha ar aghaidh ag an gCoimisiún arb é is aidhm shonrach dóibh an t-ualach riaracháin a laghdú agus an creat reachtach a shimpliú. Leis na pacáistí sin – ar a dtugtar tograí omnibus mar gheall ar a nádúr trasearnálach spriocdhírithe agus mar chomhlánú ar thograí simpliúcháin eile – laghdófar na hualaí ar FBManna, ar chuideachtaí móra agus ar riaracháin phoiblí le breis agus **EUR 8.6 billiún i gcoigilteas athfhillteach ar chostais riaracháin**.

Is tionscnamh forleathan é *Omnibus I* chun simpliú a dhéanamh ar na rialacha maidir le **tuairisciú inbhuanaitheachta, dícheall cuí inbhuanaitheachta agus tacsanomaíocht** (coigilteas EUR 4.5 billiún). Chomh maith le líon na gcuideachtaí atá faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta a laghdú agus tuairisciú sa slabhra luacha a theorannú, chuir sé na ceanglais ar chuideachtaí áirithe siar 2 bhliain, lena n-áirítear cuideachtaí beaga (ar a dtugtar cuideachtaí bhabhta 1 agus bhabhta 2) atá faoi réir na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach. Chuir sé an spriocdháta trasuí agus an dáta cur i bhfeidhm don chéad ghrúpa cuideachtaí faoin Treoir maidir le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach siar bliain amháin freisin. Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an beart sin an 17 Aibreán 2025, agus glacadh na leasuithe ar an ngníomh tarmligthe Tacsanomaíochta i mí Iúil 2025. Meastar go nglacfar na codanna eile den phacáiste faoi dheireadh 2025.

Chomh maith leis sin, laistigh de Omnibus I, leis an togra maidir leis an **Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha** a shimpliú, baintear oibleagáidí gaolmhara atá ar thart ar 182 000 allmhaireoir nó 90 % d'allmhaireoirí, ar FBManna iad a bhformhór, rud a chuireann coigilteas EUR 1.2 billiún ar fáil. Ghlac na comhreachtóirí é i mí Dheireadh Fómhair 2025.

Le **Omnibus II** maidir le **rialacha infheistíochta** a shimpliú, tá sé níos éasca InvestEU agus an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha a úsáid agus ansin tuairisciú orthu (coigilteas EUR 350 milliún, coigilteas costais riaracháin aonuaire EUR 324 mhilliún agus slógadh EUR 50 billiún in acmhainneacht bhreise infheistíochta poiblí agus príobháidí). Tá sé beartaithe ag na comhreachtóirí é a ghlacadh go luath.

Bheartaigh an Coimisiún freisin an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha a shimpliú agus nósanna imeachta a éascú. Tá plé fós ar siúl i bParlaimint na hEorpa agus sa Chomhairle.

Le **Omnibus III** maidir leis an **gcomhbheartas talmhaíochta**, laghdaítear castacht agus ualach iomarcach riaracháin ar fheirmeoirí agus ar riaracháin náisiúnta maidir le bainistiú, faireachán agus tuairisciú a dhéanamh, agus déantar acmhainneacht an digitithe a ghiaráil (chun coigilteas bliantúil EUR 1.58 billiún d'fheirmeoirí agus EUR 210 milliún do riaracháin a bhaint amach). Tá an plé i bParlaimint na hEorpa agus sa Chomhairle maidir leis an togra seo ag dul chun cinn.

Cuireann **Omnibus IV** maidir le cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, digitiú agus sonraíochtaí coiteanna ar chumas **cuideachtaí meánchaipitlithe beaga** tairbhe a bhaint as roinnt de na ceanglais níos éadroime céanna le FBManna, cuireann sé deireadh le hiarrataí neamhéifeachtúla i bhformáid pháipéir sa reachtaíocht maidir le táirgí agus cuireann sé siar cur i bhfeidhm díchill chuí maidir le ceallraí, rialacha a comhaontaíodh in Iúil 2025 (coigilteas


EUR 380 milliún). Tá plé fós ar siúl i bParlaimint na hEorpa agus sa Chomhairle.

Le **Omnibus V** maidir le **hullmhacht cosanta**, simplítear rialacha an Aontais is infheidhme maidir le tionscal cosanta na hEorpa chun infheistíocht a éascú agus chun é a dhéanamh níos éasca táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta a dhearadh, a fhorbairt, a mhonarú agus a sholáthar. Téann sé i ngleic le reachtaíocht shonrach cosanta an Aontais agus le reachtaíocht ghinearálta a bhfuil tionchar acu ar ghníomhaíochtaí cosanta. Tá plé fós ar siúl i bParlaimint na hEorpa agus sa Chomhairle.

Le **Omnibus VI**, laghdaítear na costais chomhlíonta agus an t-ualach riaracháin ar **thionscal na gceimiceán** agus, an tráth céanna, coinnítear leibhéal láidir cosanta don tsláinte phoiblí agus don chomhshaol ar bun. Simplítear leis na rialacha maidir le haicmiú, lipéadú, pacáistiú ceimiceán, táirgí leasacháin agus táirgí cosmaideacha (coigilteas díghlasála EUR 363 mhilliún, agus coigilteas athfhillteach EUR 290 milliún de sin). Tá plé fós ar siúl i bParlaimint na hEorpa agus sa Chomhairle.

In éineacht le tionscnaimh eile, amhail an pacáiste beart chun creat urrúsúcháin níos simplí agus caighdeánaithe a chruthú, cuireann na tograí omnibus go mór le sprioc an Choimisiúin na hualaí riaracháin a laghdú **25 % ar a laghad**, agus laghdú **35 % ar a laghad** a dhéanamh ar **FBManna**. Chun an sprioc sin a bhaint amach, beidh gá le costais riaracháin athfhillteacha a laghdú **EUR 37.5 billiún** faoi dheireadh na tréimhse oifige. Le coigilteas costais riaracháin dar luach EUR 8.6 billiún[2], tá sé molta ag an gCoimisiún cheana féin thar an **gcúigiú cuid den sprioc sna chéad chúpla mí** den dtréimhse oifige 5 bliana sin, agus ní mór do na comhreachtóirí é sin a dhéanamh ina dhiaidh sin. Thairis sin, leis na bearta sin, ghearr an Coimisiún costas aonuaire de thart ar EUR 4 bhilliún freisin. Ar an iomlán, agus an sprioc sin á baint amach, méadaítear go suntasach leibhéal uaillmhéine an chur chuige 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach' a glacadh le linn na tréimhse 2022-2024, inar mhol an Coimisiún glanchoigilteas costais riaracháin do ghnólachtaí agus do shaoránaigh arb ionann é agus beagnach EUR 14 bhilliún.

Laghdú ar an Ualach Riaracháin ar Sprioc 25 %




Áiríodh leis na tograí omnibus freisin **coigilteas sonrach do FBManna** ar fiú os cionn EUR 2.8 billiún iad. Is éard atá i gceist leis sin coigilteas EUR 1.6 billiún in Omnibus III (an comhbheartas talmhaíochta), EUR 830 milliún sa Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (Omnibus I), EUR 180 milliún in Omnibus IV (cuideachtaí meánchaipitlithe beaga agus digitiú) agus coigilteas athfhillteach EUR 67 milliún a eascraíonn as Omnibus VI (ceimiceáin).

Chomh maith le laghdú inchainníochtaithe ar an ualach riaracháin, leis na pacáistí omnibus a glacadh go dtí seo, tugtar isteach roinnt **beart a théann chun tairbhe FBManna** in earnálacha éagsúla agus a chuidíonn leo gnó a dhéanamh san Aontas. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún FBManna liostaithe a eisiamh ó oibleagáidí tuairiscithe inbhuanaitheachta corparáideacha, agus le caidhp slabhra luacha agus caighdeán deonach cosnófar cuideachtaí a bhfuil níos lú ná 1 000 fostaí acu ar iarrataí díréireacha ar fhaisnéis. Faoi dhícheall cuí maidir le hinbhuanaitheacht chorparáideach, tá cosaint molta ag an gCoimisiún a chosnaíonn FBManna ar aistriú ualaigh ó chuideachtaí móra, chomh maith le measúnuithe nach ndéantar chomh minic céanna agus céimeanna níos comhréirí. Leis na hathruithe atá beartaithe ar an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha, simplítear comhlíonadh do FBManna trí allmhaireoirí beaga faoi bhun 50 tona in aghaidh na bliana a dhíolmhú agus trí cheanglais maidir le tuairisciú, údarú agus ríomh astaíochtaí a éascú. Táthar ag súil freisin go mbainfidh FBManna tairbhe as nósanna imeachta riaracháin cuíchóirithe a fheabhsaíonn rochtain ar InvestEU (Omnibus II). Gheobhaidh feirmeoirí beaga tacaíocht trí

[2] Gan coigilteas do Omnibus V maidir le cosaint a chur san áireamh, a bhfuil bailchríoch á cur ar an doiciméad inmheánach oibre ina leith.

scéim íocaíochta shimplithe, agus bainfidh siad tairbhe as rialuithe cuíchóirithe, as bainistiú géarchéime níos láidre, agus as iomaíochas feabhsaithe agus tacaíocht digitithe (Omnibus III).

Ar bhonn níos leithne, bainfidh FBManna tairbhe freisin as próisis dhigiteacha a chur in ionad ceanglais pháipéarbhunaithe, as oibleagáidí simplithe maidir le taifid a choimeád sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus as tairseacha tuairiscithe níos airde le haghaidh gáis-F (Omnibus IV). Le soiléiriú na rialacha cosanta, simpleofar rochtain ar chistiú, ar cheadú agus ar aistrithe trasteorann, rud a laghdóidh ualaí do FBManna atá ag feidhmiú i réimse na cosanta (Omnibus V). Ar deireadh, bainfidh FBManna tairbhe freisin as rialacha cuíchóirithe maidir le lipéadú guaiseach ceimiceán, as rialacháin chosmaideacha níos soiléire de chuid an Aontais, agus as clárú níos éasca do tháirgí leasacháin AE trí ailíniú le ceanglais chaighdeánacha faisnéise REACH (Omnibus VI).

An 1 Aibreán 2025, ghlac an Coimisiún freisin a thogra le haghaidh **beartas comhtháthaithe nuachóirithe** mar chuid dá athbhreithniú meántéarma, lena leasaítear rialacháin an Chiste Forbraíochta Réigiúnaí/an Chiste Comhtháthaithe agus an Chiste um Aistriú Cóir (a ghlac na comhreachtóirí an 18 Meán Fómhair 2025). Molann sé do na Ballstáit a gcláir a ailíniú ar bhealach níos fearr le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais agus le tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn, trí na cistí atá ar fáil a ath-leithdháileadh ar an iomaíochas, ar an gcosaint, ar an tithíocht, ar an athléimneacht uisce, agus ar an aistriú fuinnimh. Baineann na Ballstáit tairbhe freisin as bearta simpliúcháin, go háirithe maoiniú níos tapúla do thionscadail straitéiseacha Eorpacha a roghnaítear faoi ionstraimí eile de chuid an Aontais agus do chuideachtaí a infheistíonn i slabhraí luacha na hEorpa, solúbthachtaí feabhsaithe sa chreat cur chun feidhme, chomh maith le dreasachtaí airgeadais i dtéarmaí réamh-mhaoiniú agus cómhaoiniú níos airde. Ina theannta sin, leis an bhféidearthacht tairbhe a bhaint, faoi imthosca áirithe, as tréimhse incháilitheachta ar cuireadh síneadh bliana léi, laghdaítear an brú ama ar thairbhithe.

Cuireann na tograí a rinne an Coimisiún le déanaí maidir leis an **gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile** go mór leis an iarracht chun rialacha an Aontais a shimpliú. Is é an aidhm atá ann an t-ualach ar fhaighteoirí, lena n-áirítear gnólachtaí, daoine agus riaracháin, agus ar thairbhithe chistí an Aontais a laghdú go suntasach. Leis an togra, beidh sé níos éasca do thairbhithe rochtain a fháil ar chistí an Aontais, le tairseach aonair lena gcomhdhlúthófar faisnéis maidir le deiseanna cistiúcháin agus tairisceana agus tacaíocht chuíchóirithe do thionscnóirí tionscadail. Laghdóidh sé sin an t-am is gá chun faisnéis a fháil faoi dheiseanna cistiúcháin an Aontais.

Ina theannta sin, beidh dearadh níos simplí ar an gcéad chreat airgeadais eile agus beidh líon laghdaithe clár de chuid an Aontais agus rialacha comhchuibhithe i gceist leis. Laghdóidh sé sin forluí agus uasmhéadóidh sé sineirgí idir cláir éagsúla. Laghdóidh pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnacha líon na ndoiciméad clársceidealaithe agus an t-ualach gaolmhar ar riaracháin náisiúnta agus réigiúnacha. Déanfar úsáid ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha a shimpliú freisin, le sraith chomhchuibhithe rialacha teicniúla, ráthaíocht bhuiséadach aonair le haghaidh beartais inmheánacha faoin gCiste Eorpach um Iomaíochas agus ráthaíocht ar leith le haghaidh beartais sheachtracha faoin gCiste don Eoraip Dhomhanda. Laghdóidh sé sin go mór an t-ualach riaracháin, go háirithe ar ár gcomhpháirtithe cur chun feidhme agus ar na tairbhithe deiridh.

Ar deireadh, cuirfidh creat feidhmíochta uasghrádaithe tacar aonair rialacha ar fáil, rud a laghdóidh an t-ualach riaracháin a bhaineann le faireachán agus tuairisciú. Beidh feidhm ag córas aonair faireacháin ar chaiteachas agus ar fheidhmíocht maidir leis na cláir uile, agus cuirfear sraith chuíchóirithe de thart ar 900 táscaire in ionad os cionn 5000 táscaire.

Tá rún daingean ag an gCoimisiún freisin **peirspictíocht an tsimplithe a leabú i ngach togra nua**. Chun a áirithiú go mbeidh an reachtaíocht atá ar na bacáin fabhrach don fhás, tugadh seiceáil nua ar FBManna agus ar iomaíochas isteach i measúnuithe tionchair in 2025 chun a áirithiú go gcuirfidh tograí nua an t-athrú cultúir a bhaineann le níos lú maorlathais do ghnólachtaí chun borradh faoi iomaíochas chuideachtaí an Aontais, lena n-áirítear FBManna. Thairis sin, ó mhí Eanáir 2025 i leith, déanann an Coimisiún measúnú ar an ngné dhigiteach dá thionscnaimh bheartais, i gcomhréir leis an nGníomh um Eoraip Idir-inoibritheach. Ar an

gcaoi sin cuireann an Coimisiún chun cinn úsáid ceanglas dlíthiúil lena n-áirítear cur chun feidhme digiteach mar réamhshocrú agus spreagann sé athúsáid na sonraí agus na réiteach digiteach atá ann cheana.

Chun an tuarascáil forléargais sin a chomhlánú, leanfaidh an Coimisiún de thuairisciú a dhéanamh ar an sprioc maidir leis an ualach riaracháin a laghdú agus tabharfaidh sé forléargas ar phríomhthorthaí na hoibre chun reachtaíocht a shimpliú, ró-rialáil a sheachaint agus ualaí ar shuíomh gréasáin Europa a laghdú[3].

## Tástáil struis

Chun an rómhaorlathas a laghdú agus chun rialacha níos simplí a bhaint amach, ní mór breathnú go criticiúil ar na hualaí carntha ar fud reachtaíochta atá ann cheana. Cuireadh de chúram ar gach Coimisinéir tástáil struis chuimsitheach a dhéanamh ar chorpas dhlí an Aontais ina shainchúram nó ina sainchúram, faoi chomhordú an Choimisinéara um Chur Chun Feidhme agus Simpliú. Is é is aidhm don phróiseas sin creat rialála an Aontais a shimpliú, a chódú agus a chomhdhlúthú agus chun a áirithiú go leanfaidh sé de bheith ábhartha, comhréireach agus oiriúnach chun a chuspóirí a bhaint amach ar an mbealach is costéifeachtaí.

Leis an bpróiseas tástála struis, **tugtar tús áite do réimsí inar géire a bhraitear na hualaí** agus ina bhfuil an acmhainneacht is mó chun simpliú a dhéanamh. Déantar na tosaíochtaí a tharraingt suas bunaithe ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear trínár n-uirlisí comhairliúcháin nua (idirphlé cur chun feidhme agus seiceálacha réaltachta), agus bunaithe ar anailís inmheánach a dhéanann ranna an Choimisiúin. Cuidíonn meastóireachtaí a cuireadh i gcrích agus tuarascálacha Draghi agus Letta freisin le tosaíochtaí a shainaithint. Úsáidfear tástálacha struis mar bhonn eolais ag tionscnaimh bhreise omnibus agus tionscnaimh simpliúcháin le linn an na tréimhse oifige seo. In 2025, tá réimsí beartais móra á scagadh, lena n-áirítear príomhchodanna den dlí airgeadais, digiteach, fuinnimh, cuideachta agus tomhaltóirí chun a chinneadh an bhfuil na cuspóirí atá beartaithe á gcomhlíonadh ag na rialacha atá ann faoi láthair agus chun deiseanna a shainaithint chun costais riaracháin a laghdú. Mar shampla, i dtuarascáil atá le teacht maidir le hiomaíochas na reachtaíochta in earnáil na baincéireachta, déanfar measúnú freisin ar chastacht chreat rialála an Aontais.

Maidir leis an **mbeartas digiteach**, tá deiseanna á lorg ag an gCoimisiún chun reachtaíocht a shimpliú. Molfaidh sé omnibus digiteach faoi dheireadh 2025 lena gcumhdófar dlí an Aontais lena rialaítear beartas sonraí faoin Rialachán maidir le Saorshreabhadh Sonraí Neamhphearsanta, faoin nGníomh um Rialachas Sonraí, agus faoin Treoir maidir le Sonraí Oscailte. Cumhdófar leis freisin na rialacha maidir le ceanglais chibearshlándála agus tuairiscithe teagmhas, cur i bhfeidhm an Ghnímh um an Intleacht Shaorga agus gnéithe spriocdhírithe eile a bhaineann leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Áiritheoidh an omnibus digiteach freisin ailíniú leis an togra atá le teacht maidir le Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa. Tá an Coimisiún ag obair freisin ar sheiceáil chuimsitheach oiriúnachta digití chun breathnú níos leithne ar an éifeacht charnach, ar an gcomhleanúnachas agus ar na deiseanna is féidir a chruthú agus dlí digiteach an Aontais agus rialacha gaolmhara á gcur i bhfeidhm.

Maidir le **beartas sábháilteachta bia agus beatha ainmhithe**, d'aithin an Coimisiún go bhféadfaí rialacha a shimpliú agus tíolacfaidh sé togra omnibus faoi dheireadh na bliana, mar a fógraíodh san Fhís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia. Is é is aidhm don phacáiste an t-ualach rialála agus riaracháin nach bhfuil gá leis a laghdú agus, an tráth céanna, diancheanglais a choinneáil ar bun chun sábháilteacht bia agus beatha a áirithiú, chomh maith le sláinte an phobail agus sláinte ainmhithe, sláinte plandaí agus an comhshaol a chosaint. Freagraíonn an togra d’iarrataí a rinne páirtithe leasmhara agus Ballstáit an Aontais arís agus

[3] https://commission.europa.eu/law/law-making-process/better-regulation/simplification-and-implementation/simplification_en

arís eile ar nósanna imeachta níos tapúla agus níos soiléire maidir le táirgí cosanta plandaí, ladrainn, bithicídí, breiseáin bheatha, rialacha sláinteachais agus rialuithe oifigiúla.

Maidir leis an gcomhshaol, rinne an Coimisiún glao ar fhianaise chun poitéinseal simpliúcháin a shainaithint i réimse an gheilleagair chiorclaigh, na dramhaíola, na n-astaíochtaí tionsclaíocha agus na measúnuithe comhshaoil agus beartóidh sé omnibus comhshaoil faoi dheireadh 2025.

Maidir le **beartais fuinnimh agus aeráide**, tar éis na tuarascála ar fheidhmiú an Rialacháin Rialachais agus na meastóireachta a rinneadh air, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar Rialachas an Aontais Fuinnimh agus ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus ar reachtaíocht ghaolmhar chun oibleagáidí tuairiscithe na mBallstát i réimse an fhuinnimh agus na haeráide go háirithe a chuíchóiriú agus a shimpliú, chomh maith le creat an Aontais a ailíniú a thuilleadh le gealltanais idirnáisiúnta. Tá an tseiceáil oiriúnachta ar an gcreat maidir le slándáil an tsoláthair fuinnimh ar siúl faoi láthair agus tabharfar chun críche í i mbliana.

Tugadh tosaíocht freisin do **dhlí na gcuideachtaí agus do dhlí na dtomhaltóirí** le haghaidh tástáil struis in 2025, tar éis ionchur ó pháirtithe leasmhara. De thoradh air sin, beidh 28ú córas ann chun tacar aonair comhchuibhithe rialacha a chruthú do chuideachtaí ar fud an Aontais in 2026. Réiteoidh sé an meascán de rialacha náisiúnta maidir le dlí na gcuideachtaí a fhágann go bhfuil sé deacair gnó a dhéanamh i roinnt tíortha san Aontas. Tá meastóireacht ar an Treoir maidir le Cearta Scairshealbhóirí ar siúl faoi láthair, d'fhonn féachaint ar bhealaí chun oibríochtaí trasteorann infheisteoirí, cuideachtaí eisitheora agus idirghabhálaithe a chomhchuibhiú agus a shimpliú a thuilleadh agus measúnú a dhéanamh ar an raon feidhme chun costais agus ualaí a laghdú dóibh.

Tar éis na seiceála oiriúnachta cuimsithí ar dhlí tomhaltóirí an Aontais a tugadh chun críche in 2024, tá an Coimisiún ag obair ar Ghníomh um Chothroime Dhigiteach chun na bearnaí sainaitheanta i gcosaint dhigiteach na dtomhaltóirí a líonadh. I bhfianaise thorthaí na seiceála oiriúnachta agus an idirphlé cur chun feidhme a tionóladh an 15 Iúil 2025 maidir le Cosaint Tomhaltóirí sa Timpeallacht Dhigiteach[4], cumhdaítear freisin sa mheasúnú tionchair leanúnach agus sna comhairliúcháin leanúnacha maidir leis an nGníomh um Chothroime Dhigiteach gnéithe simplithe a d'fhéadfadh a bheith mór i réimsí sonracha, amhail ceanglais maidir le faisnéis do thomhaltóirí i gconarthaí ar líne agus an ceart tarraingt siar ó sheirbhísí meán digiteach.

Maidir le cosaint sonraí, tar éis an idirphlé cur chun feidhme[5] a tionóladh an 16 Iúil 2025, beartóidh an Coimisiún leasuithe spriocdhírithe ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, mar chuid den omnibus digiteach atá le cur i láthair faoi dheireadh 2025 agus déanfaidh sé tuilleadh machnaimh ar conas an creat cosanta sonraí a nuachóiriú agus a rialachas agus a chur chun feidhme a fheabhsú, agus an ceart bunúsach chun cosanta sonraí á chaomhnú ag an am céanna.

## Gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme

Ní hamháin go gcumhdaítear reachtaíocht le tástáil struis ach cumhdaítear rialacha cur chun feidhme léi freisin. Glacann an Coimisiún go leor gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme gach bliain. Is sciar nach beag den chreat rialála foriomlán iad sin agus tá siad bunaithe ar chumhachtuithe arna nglacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle. Is bearta bainistíochta, cinntí maoiniúcháin nó údaruithe athfhillteacha iad go leor acu ar bearta teicniúla iad nó ar bearta athfhillteacha bainistíochta iad. Is féidir le cuid acu, áfach, ualach breise riaracháin a chruthú.

Dá bhrí sin, tá gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar thionchar na ngníomhartha sin ar chastacht rialála. Is **cumhachtuithe scagtha** iad ranna an Choimisiúin chun gníomhartha tarmligthe nó

[4] Idirphlé cur chun feidhme maidir le cosaint tomhaltóirí sa timpeallacht dhigiteach leis an gCoimisinéir Michael McGrath - an Coimisiún Eorpach

[5] Idirphlé cur chun feidhme maidir le cur i bhfeidhm an rialacháin ghinearálta maidir le cosaint sonraí leis an gCoimisinéir Michael McGrath - an Coimisiún Eorpach

cur chun feidhme a ghlacadh. Is é an aidhm atá ann a shainaithint an bhfuil gá le gníomhartha den sórt sin go dlíthiúil, agus an simpleodh siad an creat rialála nó an bhfuil siad riachtanach chun cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach agus, dá bhrí sin, ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh. Murab amhlaidh an cás, is féidir tosaíocht a bhaint díobh.

Mar shampla, i seirbhísí airgeadais, rinne an Coimisiún anailís ar 430 cumhachtú chun na gníomhartha sin a eisiúint a eascraíonn as na bunghníomhartha a ghlac na comhreachtóirí le linn théarma parlaiminteach 2019-2024. Bunaithe ar an anailís sin, measadh go bhfuil 115 ghníomh tarmligthe agus cur chun feidhme neamhriachtanach d'fheidhmiú éifeachtach na reachtaíochta bunúsaí. I réimse an chomhshaoil, tá scagadh déanta ag an gCoimisiún ar 253 ghníomh den sórt sin a d'fhéadfadh a bheith ann. Astu sin, measadh go raibh gá le 196 ghníomh chun cuspóirí beartais comhshaoil nó laghdaithe ualaigh a bhaint amach, agus measadh nach raibh breisluach láithreach chomh mór céanna ag 57 ngníomh agus go raibh ualach/costas ag baint leo ó thaobh riaracháin nó cur chun feidhme de.

Measann an Coimisiún go bhfuil sé ríthábhachtach **cumhachtuithe** a áireamh **i reachtaíocht nua** i gcás ina bhfuil gá le gníomhartha tarmligthe agus/nó cur chun feidhme chun na cuspóirí beartais a bhaint amach agus i gcás nach gcuireann siad ualach cur chun feidhme nach beag leis, agus sa chás sin amháin. Chuige sin, tá an Coimisiún ag brath ar chomhar na Parlaiminte agus na Comhairle chun an fócas simpliúcháin sin a chaomhnú, le haghaidh reachtaíocht nua agus rialacha cur chun feidhme araon.

## Seiceálacha réaltachta

Le huirlis nua, tá tús curtha ag an gCoimisiún le 'seiceálacha réaltachta' a dhéanamh leo siúd atá ag cur chun feidhme dlí an Aontais nó a ndéanann dlí an Aontais difear dóibh go díreach chun tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi a n-oibríonn dlí an Aontais ar an láthair[6]. Cuireann teagmhálacha díreacha ar an leibhéal teicniúil ar chumas an Choimisiúin **constaicí nó taithí dhearfach a shainaithint**, a fhíorú an bhfuil na toimhdí atá mar bhonn taca le reachtaíocht an Aontais ceart agus an soláthraíonn reachtaíocht an Aontais na tairbhí a bhfuil coinne leo. Cuireann an próiseas sin ar chumas an Choimisiúin aiseolas a fháil, mar shampla, maidir leis na leibhéil coigiltis costais nó costais a measadh sna measúnuithe tionchair a ghabhann leis na tograí beartais. Cuireann torthaí na seiceálacha réaltachta le próiseas na tástála struis ar an reachtaíocht atá ann cheana (lena n-áirítear meastóireachtaí agus seiceálacha oiriúnachta) agus le ceapadh tograí simpliúcháin a bheidh ann amach anseo.


Chuidigh na seiceálacha réaltachta a rinneadh go dtí seo leis **na tograí maidir le simpliú a mhúnlú**, lena n-áirítear tograí omnibus, amhail na seiceálacha réaltachta arna n-eagrú le cleachtóirí maidir le hinbhuanaitheacht, maidir le leasacháin, cosmaidí agus aicmiú, lipéadú agus pacáistiú, maidir le luasaire dícharbónaithe tionsclaíoch agus leis an tionscal cosanta.

I measc na samplaí eile tá seiceáil réaltachta ar rialacha maidir le Státchabhair le haghaidh tithíocht inacmhainne, lenar iarradh ionchur agus faisnéis ó pháirtithe leasmhara agus ó na Ballstáit maidir le cásanna fíorshaoil agus deacrachtaí praiticiúla san earnáil tithíochta inacmhainne, go háirithe maidir leis na príomhbhacainní atá ann faoi láthair agus a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le rialacha maidir le Státchabhair a chur chun feidhme. Chuidigh seiceáil réaltachta ar fheistí leighis le bacainní ar chur chun feidhme na reachtaíochta a shainaithint le cabhair ó othair, gairmithe cúraim sláinte agus monaróirí. Agus seiceáil réaltachta ar chur chun feidhme an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don


[6] Tá rogha na rannpháirtithe bunaithe ar an sprioc idirghníomhaíocht phraiticiúil dhíreach agus malartú pragmatach a bheith ann, agus é mar aidhm ag an am céanna rannpháirtíocht chothromaithe a bhaint amach.

Eoraip (STEP), in éineacht le tairbhithe agus eagraíochtaí tacaíochta gnó, ar úsáid thairseach STEP, agus ar na tairbhí agus na bacainní a bhaineann le cistiú a fháil do thionscadail STEP.

## B. Cur chun feidhme




Tá laghdú ag teacht ar thionchar na ndúshlán maidir le díthe agus beartais an Aontais a chur chun feidhme go pras agus go héifeachtach. Sin an fáth a bhfuil dhá **uirlis chomhairliúcháin nua** tugtha isteach le déanaí ag an gCoimisiún Eorpach: idirphlé cur chun feidhme agus seiceálacha réaltachta. Chuige sin, thug na Coimisinéirí tús áite don teagmháil le páirtithe leasmhara, trí idirphlé cur chun feidhme a dhéanamh chun a n-aiseolas a lorg chun cuidiú linn measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn, dea-chleachtais agus bacainní a shainaithint, agus moltaí praiticiúla a bhailiú chun an raon feidhme a shainaithint chun na rialacha a shimpliú agus chun feabhas a chur ar an gcur chun feidhme. Cuireadh an chéad bhabhta de **28 n-idirphlé** i gcrích le breis agus **550 páirtí leasmhar** – ionadaithe tionscail, FBManna, cuideachtaí, comhpháirtithe sóisialta, údaráis lárnacha, réigiúnacha agus áitiúla, agus an tsochaí shibhialta ina measc. Chuir an t-idirphlé léargais phraiticiúla oibríochtúla ar fáil a ndéanfaidh an Coimisiún obair leantach orthu agus a chuirfidh sé san áireamh inár gcuid oibre amach anseo. Mar shampla, bhí an chéad idirphlé in earnáil an iompair agus thug sé aghaidh ar iarnród ardluais. Cuireadh an toradh san áireamh san obair ullmhúcháin ar Mháistirphlean cuimsitheach Eorpach don Líonra Iarnróid Ardluais[7].




Dhírigh an t-idirphlé cur chun feidhme ar ábhair a leagtar amach sna Treoirlínte Polaitiúla agus an Teachtaireacht maidir le hEoraip níos Simplí agus níos Tapa. I measc na n-ábhar imní a cuireadh in iúl bhí castacht reachtaíocht an Aontais, oibleagáidí srathacha, agus ceanglais tuairiscithe a bhíonn ag síorathrú. Téama a tháinig chun cinn arís agus arís eile ba ea **ilroinnt dhlíthiúil leanúnach agus rórialáil** dhlíthe an Aontais ar an leibhéal náisiúnta. Leag páirtithe leasmhara béim ar an dúshlán a bhaineann le hoibriú nó infheistíocht trasteorann nuair is gá 27 léirmhíniú ar na rialacha céanna a leanúint. Bíonn deacrachtaí ag údaráis náisiúnta, dá réir sin, creataí dlíthiúla forluiteacha a chur i bhfeidhm, go háirithe i gcás ina dtrasnaíonn roinnt rialachán de chuid an Aontais gan treoir shoiléir ná léirmhíniú comhordaithe. Sna chéad 7 mí de 2025, tá roinnt céimeanna glactha ag an gCoimisiún chun riachtanais cur chun feidhme a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu. Mar shampla:

### Cuidiú leis na Ballstáit dlí an Aontais a chur chun feidhme

Chuir an Coimisiún dlús leis an gcomhar leis na Ballstáit chun dlí an Aontais a chur chun feidhme mar an bealach is tapúla chun a chinntiú go mbainfidh rialacha an Aontais torthaí nithiúla amach do dhaoine agus do ghnólachtaí. Chomh maith leis na bearta tacaíochta atá ann cheana, chuir an Coimisiún uirlisí nua i bhfeidhm chun tacú leis na Ballstáit ina gcuid oibre chun dlí an Aontais a chur chun feidhme agus chun malartú faisnéise a dhéanamh níos éasca.

[7] Idirphlé maidir le cur chun feidhme iarnróid ardluais san Eoraip leis an gCoimisinéir Tzitzikostas.

I mí Aibreáin 2025, chuir sé uirlis TF **treochlár trasuite** ar fáil chun feabhas a chur ar shreafaí faisnéise agus chun cuidiú le dúshláin cur chun feidhme a réamh-mheas. Laistigh de thrí mhí, baineadh úsáid as an ngné nua sin le haghaidh 21 threoir. Tá teimpléad caighdeánach á ullmhú ag an gCoimisiún ina mínítear oibleagáidí trasuite do na Ballstáit agus do na Ballstáit chun míniú a thabhairt ar an gcaoi a gcomhlíontar iad sin trí bhearta náisiúnta i gcás na dtreoracha nua.

Ullmhaíonn seirbhísí an Choimisiúin **straitéisí cur chun feidhme agus treoraíocht**[8] níos minice anois le haghaidh mórghníomhartha dlí arna nglacadh ag na comhreachtóirí. Chun go bhforbróidh an Coimisiún straitéisí spriocdhírithe agus bearta tacaíochta chun cabhrú le cur chun feidhme, tá sé ríthábhachtach faisnéis luath a fháil ó údaráis na mBallstát maidir le tionchair shonracha náisiúnta dhlíthiúla, riaracháin nó phraiticiúla na dtograí agus na ngníomhartha dlí a glacadh. An tráth céanna, táimid ag cur lenár n-iarrachtaí téacsanna dlíthiúla dea-dhréachtaithe ardcháilíochta a ullmhú atá éasca a thuiscint agus a chur chun feidhme.

## Tacaíocht d'fhothú acmhainneachta sna Ballstáit

Ach beartas an Aontais a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr agus feidhmíocht riaracháin éifeachtúil a bhaint amach, d'fhéadfaí na billiúin euro a shábháil ar cháiníocóirí agus ar ghnólachtaí an Aontais gach bliain. Léiríodh san idirphlé cur chun feidhme go raibh **easpa acmhainneachta riaracháin** ann agus go raibh gá le fothú acmhainneachta spriocdhírithe mar a chuir riaracháin phoiblí agus páirtithe leasmhara i dtábhacht ar an leibhéal lárnach, réigiúnach agus áitiúil i réimsí amhail ceadú, an Comhbheartas Talmhaíochta, sábháilteacht agus slándáil, gan ach beagán a lua.
Mar fhreagairt air sin, cuireann an Coimisiún tacaíocht ar fáil do riaracháin phoiblí sna Ballstáit tríd an gclár Comhair agus Malartaithe Riaracháin Phoiblí. Sa chéad leath de 2025, fuair an Ghearmáin, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn agus an tSlóvaic tacaíocht faoin gclár sin chun feabhas a chur ar a n-acmhainneacht riaracháin le haghaidh comhordú idir córais slándála sóisialta, chun an Rialachán maidir le Nochtaí um Airgeadas Inbhuanaithe a chur chun feidhme nó chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus faoin mBeartas Comhtháthaithe.

Ina theannta sin, nuashonraigh an Coimisiún Cáilíocht an Riaracháin Phoiblí – Bosca Uirlisí do Chleachtóirí. Tugtar samplaí sa Bhosca Uirlisí de conas ceanglais riaracháin a laghdú trí athchóirithe simplithe a chomhcheangal leis an digitiú.

## Uirlisí agus cláir chun tacú le cur chun feidhme

Thacaigh an Coimisiún le hobair na mBallstát chun príomhbheartais agus príomhchistí an Aontais a chur chun feidhme trí réimse uirlisí agus clár. Mar shampla, tá an tArdán um Aistriú Cóir ag cuidiú leis na Ballstáit agus leis na réigiúin is mó a ndéanann an t-aistriú chuig **aeráidneodracht** difear dóibh. In 2025, chuir an tArdán seirbhísí comhairleacha cuimsitheacha ar fáil do 32 réigiún de chuid an Chiste um Aistriú Cóir in 14 Bhallstát[9] – chun dlús a chur le gníomhaíocht agus chun cur chun feidhme an Chiste a éascú. I réimse na **himirce**, tá 27 bhfoireann tíre bunaithe ag an gCoimisiún a chuireann tacaíocht shaincheaptha ar fáil do na Ballstáit chun an Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann a chur chun feidhme.

Maidir le **comhar réigiúnach**, fuair 30 réigiún i 15 Bhallstát[10] cúnamh teicniúil trí Chomhphobal Cleachtais S3 agus trí Ardáin um Speisialtóireacht Chliste chun Ciste

[8] Mar shampla, an straitéis don Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (EPBD).

[9] An Bheilg, an tSeicia, an Ghearmáin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Chróit, Éire, an Iodáil, an Liotuáin, an Pholainn, an Rómáin, an Spáinn agus an tSualainn.

[10] An Bhulgáir, an Chróit, an tSeicia (Karlovy Vary, Moravian-Silesian, Usti), an Fhionlainn (an Fhionlainn Thoir agus Thuaidh, Päijät-Häme), an Fhrainc (La Reunion, an Normandie), an Ghréig (an Chróit, an Mhacadóin Thoir agus an Tráici, an Mhacadóin Thiar), an Ungáir, an Iodáil (Molise, Puglia, Veneto), Málta, an Pholainn (Malopolska), an Phortaingéil (Alentejo, na hAsóir, Centro,

Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa a chur chun feidhme, ag rannchuidiú lena mbuntáiste iomaíoch agus ag cur claochlú eacnamaíoch nuálach agus cliste chun cinn. Leis na hionstraimí sin, tugtar le chéile taighdeoirí, gnólachtaí, an tsochaí shibhialta agus riaracháin phoiblí atá ag forbairt comhpháirtíochtaí i bpríomhtheicneolaíochtaí, amhail Comhghuaillíochtaí Eorpacha le haghaidh ceallraí, hidrigine agus teicneolaíocht breosla-chille.

Ina theannta sin, chun cabhrú le beartais an Aontais a chur i gcrích trí chistí an **bheartais comhtháthaithe** a bhainistiú ar bhealach níos fearr, is príomhchumasóir athraithe i dtreo simpliú agus éifeachtúlacht é REGIO Peer2Peer+. Le bliain anuas, rinne sé teagmháil agus malartú le níos mó ná 1,100 oifigeach poiblí chun aghaidh a thabhairt, mar shampla, ar phríomhbhearta simplithe amhail glaonna ar thograí tionscadail a chuíchóiriú, roghanna costais simplithe a chur i bhfeidhm, agus cineálacha cur chuige feidhmíochtbhunaithe a ghlacadh.

Maidir le **cosaint an chomhshaoil**, déanann an Coimisiún Athbhreithniú bliantúil ar Chur Chun Feidhme an Bheartais Comhshaoil chun tacú leis na Ballstáit uile príomhdhlíthe agus príomhbheartais chomhshaoil an Aontais a chur chun feidhme. Sainaithníodh sa cheathrú hathbhreithniú (Iúil 2025) dea-chleachtais agus dúshláin sna Ballstáit. Moladh ann feabhsuithe agus réitigh chomh maith le 'gníomhaíochtaí tosaíochta', chun cuidiú le cinnteoirí tosaíocht a thabhairt d'acmhainní, lena n-áirítear cistí an Aontais agus cúnamh teicniúil.

## Tacaíocht theicniúil agus cúnamh don chur chun feidhme

Cuireann an Coimisiún tacaíocht theicniúil ar fáil faoina Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (TSI) agus cuireann sé cúnamh teicniúil ar fáil do na Ballstáit mar chuid de chistí an Aontais. Roghnaíodh 135 thionscadal athchóirithe le haghaidh 2025 le haghaidh thacaíocht TSI sna Ballstáit uile le **390 athchóiriú nuálach agus uaillmhianach** a bhfuil buiséad beagnach EUR **117 milliún** acu.

Thacaigh tionscadal ilnáisiúnta a tugadh i gcrích in 2025 lenár gcnámh droma riaracháin phoiblí maidir le ceapadh beartas atá bunaithe ar fhianaise. Áiríodh leis sin beart chun an t-ualach riaracháin sa Bheilg a laghdú, agus chun feabhas a chur ar mheastóireacht bheartais sa Laitvia, san Ísiltír, sa Ghréig, sa tSeicia, san Eastóin agus sa Liotuáin. Ar an gcaoi chéanna, chuir an tSlóivéin feabhas ar a ráta ionsúcháin agus bainistithe infheistíochta ó chistí an Aontais trí ilroinnt an chórais a laghdú, trí scileanna agus acmhainní a chomhthiomsú, trí nósanna imeachta a shimpliú (níos lú rórialála) agus trí thosaíocht níos fearr a thabhairt d'infheistíochtaí straitéiseacha.

De réir mar a tháinig an Comhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann i bhfeidhm, fuair naoi mBallstát[11] tacaíocht theicniúil ar an láthair go pras chun a bPleananna Náisiúnta Cur Chun Feidhme a ullmhú chun an Comhshocrú a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, tá tacaíocht shaincheaptha á fáil ag údaráis naoi mBallstát[12] chun athchóirithe sonracha a dhéanamh a eascraíonn as a bPleananna Náisiúnta Cur Chun Feidhme le linn na hidirthréimhse 2 bhliain go dtí 2026. I measc na samplaí eile tá tacaíocht chun samhlacha intleachta saorga a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun drochúsáid mhargaidh a bhrath in 14 Bhallstát[13], chun ceadú comhshaoil a shimpliú agus a dhigitiú le haghaidh suiteálacha tionsclaíocha (sa Pholainn), nó chun an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí (sa Ghréig), an straitéis náisiúnta chun litearthacht airgeadais a fheabhsú (sa Chipir), nó an plean beartais tithíochta náisiúnta (sa Chróit) a chur chun feidhme.

Maidéara), an Rómáin (Centru, Oltenia Thiar Theas), an tSualainn (Jämtland Härjedalen, Västernorrland), an tSlóivéin agus an Spáinn (Aragóin, na hOileáin Bhailéaracha, an Chatalóin).

[11] An Bheilg, an tSeicia, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Iodáil, an Phortaingéil agus an Rómáin.

[12] An Bheilg, an tSeicia, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Iodáil, an Liotuáin, an Rómáin agus an tSlóvaic.

[13] An Bhulgáir, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhrainc, an Fhionlainn, an Ghréig, an Liotuáin, an Iodáil, an Phortaingéil, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an tSualainn, an Spáinn agus an Rómáin.

## Tionscnaimh chun feabhas a chur ar dhigitiú agus ar rochtain ar shonraí

Bhí ról lárnach ag an gCoimisiún maidir le cúnamh a thabhairt do na Ballstáit **measúnuithe idir-inoibritheachta** a ghlacadh trí threoirlínte cuimsitheacha agus an Chatalóg Bogearraí Foinse Oscailte a fhoilsiú. Cuireadh na treoirlínte agus an chatalóg sin ar fáil go poiblí i dteangacha uile an Aontais ar an **Tairseach um Eoraip Idir-inoibritheach**. Sheol an Coimisiún an Comhphobal um Eoraip Idir-inoibritheach freisin i mí na Bealtaine 2025 chun fóram a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, chun eolas a chomhchruthú, chun eolas a mhalartú, agus chun rannchuidiú le cur chun feidhme praiticiúil na hidir-inoibritheachta ar fud an Aontais. Tacaíonn an Comhphobal freisin leis an mBord um Eoraip Idir-inoibritheach trí ionchur a sholáthar chun a chinntí straitéiseacha maidir le **seirbhísí poiblí digiteacha trasteorann** a threorú.

Ag cur leis an gcreat Eorpach um chéannacht dhigiteach, le Tiachóg an Aontais le haghaidh Gnó beifear in ann sainaithint dhigiteach shlán, comhroinnt sonraí agus fógraí atá bailí ó thaobh an dlí de a dhéanamh ar fud an Aontais. Cabhróidh sé le hoibreoirí eacnamaíocha ceanglais rialála a bhainistiú, rud a dhéanfaidh ualaí riaracháin agus costais chomhlíontachta a laghdú.

Tá feabhas á chur ag an gCoimisiún ar rochtain ar shonraí trí Spásanna Coiteanna Sonraí Eorpacha a chur i bhfeidhm ar fud réimsí amhail talmhaíocht, oidhreacht chultúrtha, fuinneamh, airgeadas, comhaontú glas, sláinte, teangacha, monaraíocht, na meáin, soghluaisteacht, riarachán poiblí, taighde agus nuálaíocht agus turasóireacht.

I bhfianaise na tosaíochta a thugtar d’aontachas luathaithe do **thíortha is iarrthóirí**, tá uirlis IS (***eAccession***) á forbairt ag an gCoimisiún lena n-éascófar an próiseas ailínithe dlí trína ndéanfaidh tíortha is iarrthóirí na 35 chaibidil de *acquis* an Aontais a ionchorprú ina gcórais dlí náisiúnta mar chuid dá n-ullmhúchán do bhallraíocht san Aontas.

## Gníomhaireachtaí an Aontais agus cur i bhfeidhm comhsheasmhach dhlí an Aontais

In 2025, lean gníomhaireachtaí an Aontais de thacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme dhlí an Aontais, rud a chuir leis an gcur i bhfeidhm comhsheasmhach ar fud na mBallstát agus a laghdaíonn an éiginnteacht dhlíthiúil. Chuir siad treoraíocht theicniúil agus léirmhínitheach ar fáil amhail caighdeáin rialála, comhairle eolaíoch, teimpléid, agus doiciméid Q&A. Tá luach ar leith ag baint leis sin i réimsí a bhaineann le gníomhaíochtaí trasteorann, ina bhfuil ateangaireacht chomhordaithe riachtanach. Príomhchineál eile tacaíochta ba ea comhar praiticiúil agus fothú acmhainneachta a chur chun cinn. Mar shampla, thacaigh an tÚdarás Eorpach Saothair le hoibríocht forfheidhmithe trasteorann ina raibh seacht mBallstát páirteach (an Bheilg, an Danmhairg, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Liotuáin agus an Rómáin), i gcomhpháirtíocht leis an Líonra Eorpach um Póilíneacht ar Bhóithre.

# C. Forfheidhmiú

Braitheann creidiúnacht agus rath an Aontais ar a dhlíthe a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm go hiomlán agus go héifeachtach sa chleachtas. Ní dhéanann beartais a comhaontaíodh go comhpháirteach na héifeachtaí atá beartaithe dóibh a imirt ar dhaoine agus ar ghnólachtaí ach amháin má chuirtear i bhfeidhm iad i ngach áit san Eoraip ar an mbealach céanna. Níl sé d’acmhainn ag an Aontas comhlíonadh ilroinnte nó leathchineáil a dhéanamh.

Tacaíonn an Coimisiún seo le clár oibre cur chun feidhme níos uaillmhianaí. Is é an comhar leis na Ballstáit an cur chuige is fearr leis an gCoimisiún chun saincheisteanna cur chun feidhme a sheachaint ón tús, ach **tá gá le forfheidhmiú daingean nuair a theipeann ar an gcomhar**. Tá sé léirithe arís ag an gCoimisiún go bhfuil rún daingean aige dlí an Aontais a fhorfheidhmiú le roinnt míonna anuas sna réimsí beartais is tábhachtaí. Chun trédhearcacht a ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a mhéadú a thuilleadh, chuir an Coimisiún **leathanach**

**gréasáin nua Europa** i bhfeidhm maidir le sáruithe, idirphlé réamhshárúcháin agus trasuí treoracha, rud a fhágann gur féidir cuardaigh spriocdhírithe agus graif shaincheaptha a dhéanamh de réir réimse beartais agus topaice.

## Níos mó idirphlé réamhshárúcháin le haghaidh réitigh níos tapúla

Úsáideann an Coimisiún idirphlé réamhshárúcháin, ar a dtugtaí 'EU Pilot' roimhe seo, nuair is dócha go mbeidh comhlíonadh níos tapúla ina thoradh air ná a bheadh ar nós imeachta foirmiúil um shárú. Cuidíonn an t-idirphlé freisin leis an gCoimisiún faisnéis a bhailiú chun a chinneadh an ann do shárú ar dhlí an Aontais. Sna chéad 7 mí de 2025, thionscain an Coimisiún **168 n-idirphlé, rud a dheimhnigh úsáid mhéadaitheach na huirlise sin**[14]. Tá an t-idirphlé fós an-éifeachtúil agus ráta réitigh 67 %[15] leis. Áirítear orthu sin comhaid de réimsí beartais an-éagsúil, ó shláinte agus sábháilteacht ag an obair go seirbhísí airgeadais, an comhshaol, fuinneamh, cánachas díreach agus indíreach agus sábháilteacht ar bhóithre. Ós rud é gur osclaíodh agus gur dúnadh beagnach 20 % de na comhaid sa chéad leath de 2025, is léir go bhféadfadh an t-idirphlé réamhshárúcháin réitigh thapa a bhaint amach agus faisnéis a bhailiú. Rinne an Coimisiún **uasghrádú** freisin ar **an uirlis TF** a úsáideann seirbhísí an Choimisiúin agus na Ballstáit chun an t-idirphlé a dhéanamh, rud a fhágfaidh go mbeidh gnóthachain éifeachtúlachta bhreise ann.

## Comhlíonadh luath i nósanna imeachta um shárú chun am a shábháil

Bhí nósanna imeachta um shárú ina gcúlstop a bhí ag teastáil ón gCoimisiún agus leanfaidh siad de bheith amhlaidh i gcás nach leor na bearta comhair chun rialacha an Aontais a chomhlíonadh go tráthúil. Sna chéad seacht mí de 2025, sheol an Coimisiún **373 chás um shárú**, agus bhain 87 % díobh sin le trasuí neamhiomlán nó mícheart treoracha[16]. Sholáthair gearáin ó dhaoine agus ó ghnólachtaí faisnéis úsáideach inar sainaithníodh easnaimh as ar tháinig 13 cinn de na nósanna imeachta nua um shárú sin[17].

Sa tréimhse chéanna, dhún an Coimisiún **345 chás um shárú**[18] de réir mar a bhain na Ballstáit comhlíontacht amach. Réitíodh 95 % de na cásanna sula raibh ar an gCoimisiún iad a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais, rud a chiallaíonn gur bhain daoine agus gnólachtaí tairbhe as dlí an Aontais níos luaithe ná mar a bheadh gá le himeachtaí Cúirte. Tá dul chun cinn déanta ag an gCoimisiún in go leor cásanna seanbhunaithe[19] agus tá laghdú tagtha ar mheán-am láimhseála sáruithe[20].

[14]In 2024, thionscain an Coimisiún 173 idirphlé le linn na bliana ar fad.

[15]Ar an iomlán, dhún an Coimisiún 118 gcás sa tréimhse thagartha, lena n-áirítear go leor cásanna seanbhunaithe ó 2023 nó roimhe sin.

[16] Athdheighilt de réir an chineáil sáraithe: 256 chás de thrasuí neamhiomlán, 69 gcás de thrasuí mícheart, 18 gcás inar cuireadh treoracha i bhfeidhm go dona agus 30 cás ina sáraítear na Conarthaí, na rialacháin nó na cinntí.

[17] Osclaíodh na cásanna nua sin atá bunaithe ar ghearáin in aghaidh ocht mBallstát: INFR(2024)4012, INFR(2025)4000, INFR(2025)4004, INFR(2025)4006, INFR(2025)4007, INFR(2025)4008, INFR(2025)4011, INFR(2025)4012, INFR(2025)4013, INFR(2025)4015, INFR(2025)4016, INFR(2025)4017, INFR(2025)4018.

[18]195 chás de thrasuí neamhiomlán, 51 chás de thrasuí mícheart, 30 cás inar cuireadh treoracha i bhfeidhm go dona agus 69 gcás ina sáraítear na Conarthaí, na rialacháin nó na cinntí.

[19] Osclaíodh 18 % de na cásanna sin thar 5 bliana ó shin, rud a léiríonn tiomantas an Choimisiúin a riaráiste de chásanna seanbhunaithe a laghdú.

[20] 34.3 mí i gcomparáid le 36.4 mí in 2024.

## Gníomhaíocht éifeachtach a thugann torthaí do dhaoine agus do ghnólachtaí

Tá torthaí nithiúla bainte amach do dhaoine agus do ghnólachtaí ar fud na réimsí beartais. Tá **gluaiseacht oibrithe** ar fud Bhallstáit an Aontais níos éasca. Chuir roinnt Ballstát deireadh le bacainní gan údar ar aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúlaagus ar na coinníollacha chun gairmeacha rialáilte a shaothrú i réimsí éagsúla[21]. Bhain an Coimisiún torthaí nithiúla amach chun soghluaisteacht an lucht saothair a éascú i gcásanna a bhaineann le gearánaithe[22] nó atá faoi réir achainí[23]. Ina theannta sin, tá níos mó Ballstát[24] tar éis rialacha an Aontais maidir le hoibrithe a phostú a thrasuí i gceart anois, rialacha a bhaineann le cásanna ina seolann fostóirí a bhfostaithe chun seirbhísí a dhéanamh i mBallstát eile den Aontas ar bhonn sealadach. Mar a leagtar amach sa Straitéis don Mhargadh Aonair, bhain an Coimisiún úsáid freisin as nósanna imeachta um shárú chun aghaidh a thabhairt ar **bhacainní sa Mhargadh Aonair** amhail cleachtais lipéadaithe ilroinnte nó srianta miondíola[25].

Sa **réimse digiteach**, chuir forfheidhmiú an Choimisiúin feabhas ar chomhlíontacht leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus leis an nGníomh um Rialachas Sonraí toisc gur ainmnigh ocht mBallstát na húdaráis inniúla chun na rialacha a chur chun feidhme agus thug sé de chumhacht do na húdaráis sin na cúraimí is gá a dhéanamh. Tá Ballstáit eile fós ag titim ar gcúl agus lean an Coimisiún ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile sa nós imeachta um shárú in aghaidh sé cinn acu. Chun **slándáil a mhéadú**, d'éirigh go maith le nósanna imeachta um shárú[26] maidir leis an Rialachán i gcoinne scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne agus tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun trasuí rialacha cibearshlándála an Aontais a chur i gcrích[27]. Ina theannta sin, baineadh amach le gníomhaíochtaí an Choimisiúin rialacha níos soiléire maidir le **hiompar de bhóthar**[28] agus **sábháilteacht agus idir-inoibritheacht níos fearr d'iarnróid**[29] agus cuireadh an gréasán tras-Eorpach iompair chun cinn leo[30].

Neartaíodh **cosaint tomhaltóirí** toisc go bhfuil dul chun cinn déanta ag na Ballstáit i leith rialacha an Aontais a thrasuí maidir le hinrochtaineacht táirgí agus seirbhísí agus maidir le caingean ionadaíoch chun comhleasanna a chosaint. Ar an gcaoi chéanna, treisíodh cearta daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais. I réimse na **seirbhísí airgeadais**, tháinig cearta iasachtaithe níos láidre as gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin an Choimisiúin agus cuireadh timpeallacht airgeadais níos cobhsaí agus níos iontaofa chun cinn[31]. A mhéid a bhaineann le cearta oibrithe, tar éis ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin an Choimisiúin, rinne beagnach gach Ballstát rialacha an Aontais maidir le dálaí oibre trédhearcacha intuartha a thrasuí go hiomlán.

[21]Le haghaidh gairmeacha leighis agus tréidlianna i Málta, altraí in Éirinn agus comhairleoirí gairme sa Ghréig.

[22] Maidir le saorghluaiseacht oibrithe san earnáil phoiblí sa Chipir agus aistriú amach caipitil pinsin san Íslitír.

[23] I gcás a tugadh os comhair na Cúirte Breithiúnais, leigheas an Iodáil an t-idirdhealú a dhéantar ar léachtóirí eachtracha.

[24] An tSlóivéin agus an Fhionlainn a mhéid a bhaineann leis an Treoir maidir le hOibrithe a Phostú.

[25] An Fhrainc agus an Iodáil maidir le lipéadú agus an Ungáir maidir le miondíol bia, miondíol drugaí agus an córas cánach miondíola.

[26] Chomhlíon an Chipir, an Pholainn agus an tSlóivéin a n-oibleagáidí agus dúnadh cásanna, agus cuireadh an Bhulgáir, Éire agus an Phortaingéil faoi bhráid na Cúirte toisc nár chomhlíon siad oibleagáidí áirithe faoin Rialachán.

[27] D'fhéadfaí clabhsúr a chur ar chásanna i gcoinne na Gréige agus na Liotuáine ach glacadh tuairimí réasúnaithe in aghaidh 19 mBallstát.

[28] Mar shampla, d'fhéadfaí clabhsúr a chur ar chásanna in aghaidh ocht mBallstát maidir le trasuí rialacha an Aontais maidir le húsáid feithiclí arna bhfruiliú gan tiománaithe chun earraí a iompar.

[29] Chuir an tSeicia agus an Pholainn trasuí na Treorach maidir le Sábháilteacht Iarnróid i gcrích agus rinne an Pholainn an Treoir maidir le hIdir-inoibritheacht a thrasuí agus réitigh an Ghearmáin saincheist maidir le droch-chur i bhfeidhm na Treorach sin.

[30] Dúnadh cásanna don Eastóin, don Chróit, don tSlóivéin agus don tSlóvaic agus fuair an Bheilg, an Fhrainc agus Lucsamburg tuairimí réasúnaithe.

[31] D'fhorfheidhmigh an Coimisiún rialacha an Aontais maidir le margadh tánaisteach le haghaidh iasachtaí neamhthuillmheacha trí shé Bhallstát a tharchur chuig an gCúirt agus trí chásanna in aghaidh sé Bhallstát a dhúnadh.

A bhuí le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin an Choimisiúin agus le forchur smachtbhannaí airgeadais i gcoinne cúig Bhallstát eile a rinne an Chúirt Bhreithiúnais, tá rialacha **cosanta sceithireachta an Aontais** trasuite anois ag na Ballstáit uile, rialacha a chuidíonn cosc a chur ar sháruithe ar dhlí an Aontais i raon leathan réimsí agus dul i ngleic leis na sáruithe sin.

D'éirigh leis an gCoimisiún rialacha an Aontais maidir leis an **gcomhshaol** a fhorfheidhmiú, rud a neartódh an córas dliteanais comhshaoil agus na rialacha maidir le measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol sna Ballstáit[32]. De bharr nósanna imeachta um shárúcomhlíonadh oibleagáidí na mBallstát maidir le pleananna náisiúnta uisce a bhaint amach freisin, cáilíocht uisce aibhneacha agus lochanna a chur chun cinn agus ullmhacht agus bainistiú tuilte[33]. Seasadh le **beartas aeráide agus fuinnimh** an Aontais trí Chóras Trádála Astaíochtaí athbhreithnithe an Aontais (CTA) agus na Pleananna Comhtháite Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide a fhorfheidhmiú. Ina theannta sin, tá níos mó Ballstát tar éis rialacha Phacáiste an Aontais maidir le Fuinneamh Glan a chur chun feidhme.

D'fhorfheidhmigh an Coimisiún rialacha an Aontais maidir le **saorghluaiseacht** agus chosain sé **saoránacht an Aontais**. Maidir leis an dara ceann, rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil deonú saoránachta mar mhalairt ar íocaíochtaí nó infheistíochtaí réamhchinntithe contrártha do dhlí an Aontais. Lean an Coimisiún de bheith ag seasamh leis an **smacht reachta**, le **cearta bunúsacha** agus le **saoirsí an Mhargaidh Aonair**[34].

## Gníomhaíocht forfheidhmiúcháin dhiongbháilte, lena n-áirítear smachtbhannaí airgeadais

Cé go bhféachann an Coimisiún le deireadh rathúil a chur le nósanna imeachta um shárú ina gcéimeanna luatha, ní bhíonn aon drogall air cás a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais más gá chun comhlíonadh a bhaint amach. Sa tréimhse thagartha, thug an Coimisiún **45 chás os comhair na Cúirte Breithiúnais**. I ngach cás ina bhforáiltear amhlaidh sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, d'iarr an Coimisiún ar an gCúirt smachtbhannaí airgeadais a fhorchur i gcoinne an Bhallstáit lena mbaineann (15 chás). Deimhnítear leis na figiúirí sin an méadú ar líon na gcinntí tarchuir le blianta beaga anuas[35], cruthúnas ar thiomantas an Choimisiúin an méid is gá a dhéanamh chun dlí an Aontais a fhorfheidhmiú.

Sna chéad seacht mí de 2025, tá **smachtbhannaí airgeadais** arna bhforchur ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh **á n-íoc** ag 14 Bhallstát, ar fiú os cionn EUR 302 mhilliún iad[36]. Tá cuid de na Ballstáit ag íoc smachtbhannaí airgeadais iomadúla a bhaineann le breithiúnais éagsúla ón gCúirt. Bhain siad le rialacha an Aontais maidir leis na hábhair seo a leanas, in ord méide: tearmann, cosaint sceithirí, cóireáil fuíolluisce uirbigh, líonadh talún dramhaíola, feithiclí glana, seirbhísí closamhairc agus údaráis iomaíochta náisiúnta[37].

# 4. An bealach ar aghaidh

Sna 4 bliana amach romhainn, leanfaidh an Coimisiún de ghníomhaíocht a dhéanamh chun é a dhéanamh níos éasca dlí agus beartas an Aontais a chur chun feidhme go praiticiúil, trí

[32] D'fhéadfaí cásanna i gcoinne na Beilge, na hEastóine agus na hÍsiltíre a dhúnadh.

[33] D'fhéadfaí cásanna i gcoinne na Bulgáire, na Spáinne agus na Slóvaice a dhúnadh.

[34] I dtarchur i gcoinne na hUngáire d'iarr an Coimisiún ar an gCúirt Bhreithiúnais an cás a láimhseáil i nós imeachta brostaithe, a dheonaigh an Chúirt.

[35] In 2023 agus 2024, tharchuir an Coimisiún 134 chás um shárú chuig an gCúirt Bhreithiúnais, lena n-áirítear iarraidh ar smachtbhannaí airgeadais in 55 de na cásanna sin.

[36] Ní bheidh na méideanna cinntitheach go dtí go mbeidh gach leigheas dlí ídithe. Tugtar liosta nuashonraithe sa chlár poiblí de chásanna maidir le sárú atá ar siúl faoi láthair mar aon le smachtbhannaí airgeadais arna bhforchur ag an gCúirt Bhreithiúnais.

[37] Eascraíonn na fíneálacha a íoctar i réimsí an tearmainn, na cóireála fuíolluisce uirbigh agus na líonta talún dramhaíola as breithiúnais ón gCúirt Bhreithiúnais faoi Airteagal 260(2) CFAE (an dara breithiúnas) agus baineann na fíneálacha a íoctar sna réimsí eile le trasuí neamhiomlán rialacha an Aontais (faoi Airteagal 260(3) CFAE)).

rialacha an Aontais a shimpliú agus tríd na hualaí rialála a laghdú. Tá gá leis sin chun borradh a chur faoi iomaíochas agus athléimneacht ár ngeilleagair, agus chun feabhsuithe tapa fóinteacha a chur ar fáil do dhaoine agus do ghnólachtaí, agus tosaíochtaí agus baint amach chuspóirí an Aontais á áirithiú an tráth céanna. Is léiriú é Clár Oibre 2026 an Choimisiúin, lena gcuirtear béim shoiléir agus láidir ar thograí simpliúcháin, a glacadh inniu ar an iarracht sin.

A mhéid a bhaineann le **simpliú**, tiocfaidh tuilleadh simplithe agus tograí omnibus sna míonna amach romhainn, lena n-áirítear i réimsí an chomhshaoil, na ngluaisteán, na sábháilteachta bia agus beatha, na bhfeistí leighis. na trialacha cliniciúla agus na seirbhísí digiteacha. Díreoimid freisin ar shaincheisteanna práinneacha eile a d'ardaigh páirtithe leasmhara, amhail saincheisteanna i réimsí na reachtaíochta maidir le táirgí fuinnimh agus an chánachais, agus cuirfimid tograí simpliúcháin ar aghaidh freisin lena dtabharfar aghaidh ar an ualach riaracháin ar shaoránaigh.

Ós rud é nach mór don simpliú a bheith ina iarracht chomhpháirteach i measc institiúidí an Aontais, tá sé tábhachtach go leanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle de thús áite a thabhairt d'obair ar thograí omnibus agus simpliúcháin an Choimisiúin, agus a bhfócas ar shimpliú a chaomhnú, agus na cuspóirí beartais á mbaint amach ag an am céanna.

Tá an Coimisiún i dteagmháil freisin le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle ionas go gcomhlíonfaidh na hinstitiúidí uile a ngealltanas measúnú a dhéanamh ar thionchair a leasuithe substaintiúla. Chun cabhrú leis an bpróiseas sin, tá cur chuige simplí pragmatach á fhorbairt ag an gCoimisiún a d'fhéadfadh gach Institiúid a úsáid chun na críche sin.

A mhéid a bhaineann le **cur chun feidhme**, leanfaidh Comhaltaí an Choláiste de bheith i dteagmháil le páirtithe leasmhara tríd an dara babhta d'idirphlé cur chun feidhme a bheidh ar siúl roimh dheireadh na bliana. Díreoidh siad ar réimsí beartais éagsúla amhail tithíocht inacmhainne, tógáil, iomaíochas gnó réigiúnach, trádáil agus slándáil eacnamaíoch, reachtaíocht maidir le táirgí fuinnimh, ailtireacht frithchalaoise agus comhtháthú baincéireachta. Cuirfidh an Coimisiún **tacaíocht shaincheaptha** ar fáil do na Ballstáit chun dlí an Aontais a chur chun feidhme chun an tionchar atá beartaithe dár ndlíthe agus dár mbeartas ar an láthair a bhaint amach. In éineacht lenár gcuid oibre chun na rialacha a shimpliú, beidh an cur chun feidhme fós i gcroílár fhócas an Choimisiúin ar iomaíochas na hEorpa a neartú. Chuige sin, tá comhar le hInstitiúidí eile an Aontais agus leis na Ballstáit ríthábhachtach i gcónaí chun na spriocanna a socraíodh i dtús na tréimhse oifige seo a bhaint amach.

A mhéid a bhaineann le **forfheidhmiú** dhlí an Aontais, tá **líon na nósanna imeachta gníomhacha um shárú fós ard**, agus tá os cionn 1500 cás fós ar siúl. Tá na Ballstáit uile i gceist cé go bhfuil difríochtaí nach beag i líon na gcásanna in aghaidh an Bhallstáit[38]. Is **príomhthosaíocht** i gcónaí é faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais agus comhlíonadh a áirithiú. Tabharfar aird ar leith ar chásanna seanbhunaithe, gan éifeachtacht ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin an Choimisiúin a chur i mbaol: is é atá i gceist le dlí an Aontais a fhorfheidhmiú ná comhlíonadh agus torthaí dearfacha a bhaint amach do dhaoine agus do ghnólachtaí. Déanann an Coimisiún a dhícheall go leanúnach feabhas a chur ar a bheartas forfheidhmiúcháin, rud a chinntíonn go bhfuil a chuid uirlisí oiriúnach don fheidhm.

Ina Theachtaireacht 'Eoraip níos simplí agus níos tapúla', leag an Coimisiún amach clár oibre uaillmhianach maidir le simpliú agus cur chun feidhme chun borradh a chur faoin iomaíochas, faoin rathúnas, faoi chur i bhfeidhm beartas agus faoin athléimneacht san Aontas. Chun na spriocanna sin a bhaint amach, tá gá le tiomantas láidir ó na hinstitiúidí agus na páirtithe leasmhara eile uile, lena n-áirítear go háirithe Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle. Leis an tuarascáil seo, leagtar síos an bealach le haghaidh **idirphlé struchtúrtha** leo maidir le staid reatha reachtaíocht an Aontais agus maidir lena cur chun feidhme, agus deiseanna breise maidir le simpliú. Iarrann an Coimisiún freisin ar na Ballstáit iarrachtaí inchomparáide

[38] Tá trí oiread líon na gcásanna ag na trí Bhallstát ina bhfuil an líon is mó cásanna oscailte (an Spáinn, an Pholainn agus an Bhulgáir) mar an Ballstát ina bhfuil an líon is lú nósanna imeachta um shárú (an Liotuáin). Tá tuilleadh eolais agus sonraí faoi ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin an Choimisiúin le fáil anseo.

a dhéanamh chun a reachtaíocht náisiúnta a shimpliú, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú.